Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/183

1.2.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 173/2021**

**an 11 Meitheamh 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/183]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2127 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/541 ón gCoimisiún maidir le coibhéis an chreata dhlíthiúil agus maoirseachta is infheidhme maidir le malartuithe formheasta agus oibreoirí margaidh aitheanta i Singeapór i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas le pointe 31bazzh (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/541 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

', arna leasú le:

— **32020 D 2127**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2127 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 (IO L 426, 17.12.2020, lch. 65).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2127 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 12 Meitheamh 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Meitheamh 2021.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Clara GANSLANDT

([1]) IO L 426, 17.12.2020, lch. 65.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.